



2012. S. 23AT

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2012

STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL

(Ná cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar)

FOINSÍ

1. PICTIÚIR

PICTIÚR A1.



www.ucc.ie

PICTIÚR A2.




www.newgrange.com

PICTIÚR B.



www.askaboutireland.ie

PICTIÚR C.



2. DOICIMÉID

DOICIMÉAD 1

Dhá véarsa as amhrán bunaithe ar eachtra i stair na hÉireann, marú James Carey ag Pat O'Donnell.

Is mise Pat O'Donnell, agus is as Dún na nGall dom,
Is namhaid contúirteach mé do gach fealltóir dá bhfuil ann;
Faoi James Carey a lámhach cuireadh cúirt orm i mbaile Londan,
Agus anois ar an gcroch, caithfidh mé bás a fháil.

Sheol mé ar bord an *Montrose* i Lúnasa ochtó trí,
Agus ar mo thuras go Capetown cuireadh in aithne domsa é.
Nuair a chuala mé gurbh é James Carey é, bhí caint fheargach agus buillí eadrainn,
Agus rinne an bithiúnach iarracht mé a mharú ar bord an *Montrose*.

Foinse: 'The First Book of Irish Ballads', Daniel O'Keefe, Mercier Corcaigh, 1955.

DOICIMÉAD 2

Cuimhníonn Tommy Hamilton ar 1955, an bhliain a d'fhág sé Manchester United chun filleadh ar Éirinn.

Gach bliain, fuair na peileadóirí Éireannacha ar fad i Sasana páipéir chun dul agus clárú do choinscríobh san arm. Ní raibh le déanamh agat, áfach, ach na páipéir a shíneadh isteach chuig rúnaí an chlub agus gheofá scéala ar ais go raibh sé curtha siar arís go ceann bliana.

Ar aon nós, chuaigh mé ar ais do mo thríú bliain ag United agus fuaireamar ar fad na foirmeacha mar ba ghnách agus shíneamar chuig an rúnaí iad mar ba nós linn a dhéanamh. Cuireadh siar gach duine eile go ceann bliana, ach fuair mise scéala go raibh orm dul agus clárú d'Arm na Breataine. Chuaigh mé chuig an mbainisteoir, Matt Busby, agus dúirt seisean, “Breathnóimid ina dhiaidh sin.” Mí Iúil 1955 a bhí ann. I mí Dheireadh Fómhair tháinig sé ar ais chugam agus dúirt sé, “Féach, bhí mé i dteagmháil le Everton agus Arsenal, áiteanna ina bhfuil leaideanna Éireannacha eile, agus níl dada is féidir linn a dhéanamh, caithfidh tú dul isteach san arm.”

Dúirt mise, “Bhuel, nílim ag dul isteach san arm.” Dúirt seisean, “Níl a fhios agam cad a dhéanfaimid mar sin.” Ar deireadh, tháinig sé ar ais agus dúirt sé gur aontaigh na stiúrthóirí, “Má théann tu ar ais go hÉirinn, cibé club a síneoidh tú leo ansin, má aontaíonn siadsan sa chás go n-aistreofar ar ais go Sasana go deo thú, go bhfaighidh United 50 faoin gcéad den táille aistrithe, ansin is féidir leat imeacht.” Ba iad sin na coinníollacha ar a bhféadfainn fágáil. Bhí mé breá sásta mar ní raibh uaim ach imeacht.

Foinse: ‘God versus Mortals’, Paul Keane, ISP Ceanannas, 2010